

An múinteoir mar éascaitheoir foghlama

Tugann an múinteoir OSPS faoi ról éascaitheach sa seomra ranga.

Is é a bhíonn i gceist leis sin ná

- pleanáil i gcomhair na foghlama i gcomhairle leis an scoláire chun fáil amach cén ábhair spéise agus ábhair imní faoi leith atá aige maidir leis an réimse a bhfuil staidéar á dhéanamh air.
- modheolaíochtaí gníomhacha agus comhoibritheacha a úsáid don teagasc agus don fhoghlaim.

Teastaíonn timpeallacht dhearfach, bháúil agus mheasúil chun tacú leat agus tú ag gabháil do ról mar éascaitheoir foghlama. Teastaíonn seomra ranga sábháilte ina mbíonn bunrialacha agus teorainneacha soiléire.

Scileanna chun plé a éascú sa seomra ranga

An múinteoir

- Éisteann go gníomhach
- Smaoiníonn siar ar a bhfuil cloiste aige/aici
- Lorgaíonn soiléire – An bhféadfá rud beag níos mó a rá faoi sin?
- Seachnaíonn duine a chur i bponc trí fhiafraí ‘cén fáth? nó ‘cad atá i gceist agat?’
- Nuair atá sé/sí ag breacadh síos smaointe ó phlé ranga déanann sé/sí cinnte gur ó na scoláirí féin a thagann na focail
- Cuireann ceistanna chun smaointeoireacht níos doimhne faoin ábhar a spreagadh
- Ní shéanann aon eispéiris, dearbhaíonn mothúcháin agus eispéiris an scoláire
- Ní bhíonn eagla air/uirthi roimh an maidhm – is féidir leis/léi stadadh más gá
- Ní dhéanann ceist phearsanta as - labhraíonn faoin gceist
- Cothaíonn cur in aghaidh nó dearchtaí malartacha ar bhealach rialaithe
- Ní bhíonn eagla air/uirthi roimh thréimhsí ciúnais
- Úsáideann ainmneacha daoine, ach ar bhealach nach mothaíonn duine ar bith go bhfuil siad curtha i bponc.

An múinteoir mar éascaitheoir foghlama

Ráitis, ceisteanna agus frásaí féideartha le húsáid nuair atá plé á éascú sa seomra ranga

- *Thug mé faoi deara go raibh go leor agaibh...*
- *Cloisim cuid agaibh ag rá...*
- *An bhféadfá rud beag níos mó a rá faoi sin?*
- *Roinn do chuid smaointe liom ...*
- *An bhfuil smaointe ag aon duine eile?*
- *Cloisim an méid atá tú ag rá...*
- *Ach cloisim cuid agaibh ag rá...*
- *Déarfainn nár mhiste breathnú níos grinne ar an gceist sin*
- *An bhfuil tuairim dhifriúil ag aon duine faoi... (m.sh. nuair is gá duit cothromaíocht a chruthú)*
- *Mar sin aontaímid go léir gur cuid thábhachtach é seo den phlé...*
- *D'fhéadfadh go measfá/ nach measfá gur fiú triail a bhaint as seo?*
- *Inis dom faoi sin (e.g. má deir duine éigin nach féidir leo x a dhéanamh, seachain cén fáth? a rá)*
- *Cén chaoi a bhféadfá é sin a dhéanamh i do shaol féin?*
- *Cén chuma a bheadh air sin?*
- *Tá mé fiosrach faoi...*
- *Go raibh maith agaibh as do thuairim a roinnt*
- *Tuigim gurb é sin an taithí atá agat agus tá mé ag smaoineamh liom féin, an mbeadh míniú eile ar an scéal?*
- *Ní mé, cad a bheadh an duine eile a smaoineamh?*
- *An féidir leat smaoineamh ar chás ina mbeadh barúil/freagra eile agat? (tugann sé seo isteach smaointeoireacht sholúbtha)*
- *Feicim go n-oibríonn sé sin duitse*
- *Is mór liom d'ionracas.*
- *Cad a cheapann an grúpa?*
- *Cén chaoi a ndéanfadh duine ar comhaois leatsa...? (baineann an fócas den duine agus fágann nach mothaíonn sé oscailte nó gan chosaint)*

Topaicí ábhartha eile

Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?

Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?

Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach

Ag plé le comhráite íogaire/dúshlánacha